# CINNEADH (CBES) 2023/927 ÓN gCOMHAIRLE

## an 5 Bealtaine 2023

## maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha na hÚcráine trí armlón a sholáthar

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 41(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle ([1]), bunaítear an tSaoráid Eorpach Síochána chun go maoineodh na Ballstáit gníomhaíochtaí an Aontais faoin gcomhbheartas eachtrach agus slándála chun an tsíocháin a chaomhnú, coinbhleachtaí a chosc agus an tslándáil idirnáisiúnta a neartú de bhun Airteagal 21(2), pointe (c), den Chonradh. Go háirithe, de bhun Airteagal 1(2) de Chinneadh (CBES) 2021/509, tá an tSaoráid Eorpach Síochána le húsáid chun bearta cúnaimh a mhaoiniú amhail gníomhaíochtaí chun acmhainneachtaí a bhaineann le cúrsaí míleata agus cosanta atá ag tríú Stáit agus eagraíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta a neartú.

(2) Tá Fórsaí Armtha na hÚcráine ag cur i gcoinne an fhogha arna thabhairt ag an Rúis, agus tá taismigh mhíleata agus shibhialtacha leanúnacha ann dá bharr sin, le roinnt blianta anuas. Ghéaraigh fogha na Rúise go mór i mí Feabhra 2022 de bharr an ionraidh iomláin gan chúis a rinne fórsaí armtha Chónaidhm na Rúise ar an Úcráin.

(3) An 25 Feabhra 2022, rinne Rialtas na hÚcráine iarraidh phráinneach ar an Aontas cúnamh a thabhairt trí threalamh míleata a sholáthar. Mar fhreagairt air sin, cuireadh tacaíocht ar fáil faoi SES ón 28 Feabhra 2022 de bhun Chinntí (CBES) 2022/338 ([2]) agus (CBES) 2022/339 ([3]) ón gComhairle.

(4) Le linn an 24ú cruinniú mullaigh idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin an 3 Feabhra 2023, d'athdhearbhaigh an tAontas agus a Bhallstáit go dtacóidh siad i gcónaí leis an Úcráin agus le muintir na hÚcráine sa chogadh foghach atá fós ar bun ag an Rúis a fhad is gá. Ag an gcruinniú urghnách den Chomhairle Eorpach a bhí ar siúl an 9 agus an 10 Feabhra 2023, leag Uachtarán na hÚcráine béim ar an ngéarghá atá le tuilleadh tacaíochta míleata don Úcráin.

(5) An 2 Márta 2023, fuair Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ("an tArdionadaí") iarraidh ón Úcráin ar chúnamh ón Aontas i ndáil le hurchair airtléire dar calabra 155-mm a sholáthar d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine.

(6) An 20 Márta 2023, tháinig an Chomhairle ar chomhaontú maidir le cur chuige trí rian d'fhonn, go háirithe, dlús a chur le seachadadh agus le soláthar comhpháirteach, agus é mar aidhm leis milliún urchar armlóin airtléire a sholáthar don Úcráin mar iarracht chomhpháirteach laistigh den 12 mhí seo romhainn, agus d'iarr sí go gcuirfí na trí rian sin chun feidhme go pras, ar rianta iad atá idirnasctha agus ar gá iad a shaothrú go comhthreomhar agus ar bhealach comhordaithe. D'iarr an Chomhairle ar na Ballstáit armlón talamh go talamh agus airtléire a sheachadadh go práinneach chuig an Úcráin agus, arna iarraidh sin, diúracáin. A mhéid a bhaineann leis an tríú rian, d'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún freisin tograí nithiúla a thíolacadh chun tacú go práinneach le hacmhainneachtaí monaraíochta thionscal cosanta na hEorpa a mhéadú, slabhraí soláthair a dhaingniú, nósanna imeachta éifeachtúla soláthair a éascú, aghaidh a thabhairt ar easnaimh in acmhainneachtaí táirgeachta, agus infheistíochtaí a chur chun cinn, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, trí bhuiséad an Aontais a shlógadh.

([1]) Cinneadh (CBES) 2021/509 ón gComhairle an 22 Márta 2021 lena mbunaítear Saoráid Síochána Eorpach, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2015/528 (IO L 102, 24.3.2021, lch. 14).

([2]) Cinneadh (CBES) 2022/338 ón gComhairle an 28 Feabhra 2022 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun trealamh míleata agus ardáin mhíleata a sholáthar d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine, a cheaptar chun fórsa marfach a sheachadadh (IO L 60, 28.2.2022, lch. 1).

([3]) Cinneadh (CBES) 2022/339 ón gComhairle an 28 Feabhra 2022 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha na hÚcráine (IO L 61, 28.2.2022, lch. 1).

(7) Ina theannta sin, d'iarr an Chomhairle ar na Ballstáit urchar airtléire dar calabra 155-mm, agus, arna iarraidh sin, diúracáin, a sholáthar go comhpháirteach don Úcráin ar an mbealach is tapúla is féidir roimh an 30 Meán Fómhair 2023 ó thionscal cosanta na hEorpa (agus ón Iorua) laistigh de na paraiméadair arna sainiú i gcomhthéacs tionscadal de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint (GEC) atá ann cheana nó trí thionscadail chomhlántacha fála comhpháirtí arna stiúradh ag Ballstát.

(8) Níl na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar síos sa Chinneadh seo ábhartha ach amháin do sholáthairtí comhpháirteacha dá dtagraítear i mír 3 den nóta dar teideal "*Speeding up delivery and joint procurement of ammunition for Ukraine*" [dlús a chur le seachadadh agus soláthar comhpháirteach armlóin don Úcráin] a d'fhormheas an Chomhairle an 20 Márta 2023 agus tá siad gan dochar d'aon téarmaí agus coinníollacha a bhaineann le cinntí nó rialacháin a bhaineann le tionscal cosanta na hEorpa amach anseo.

(9) Táthar chun bearta cúnaimh a chur chun feidhme agus aird á tabhairt ar na prionsabail agus ar na ceanglais a leagtar amach i gCinneadh (CBES) 2021/509, go háirithe ar chomhlíonadh Chomhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle ([4]), agus i gcomhréir leis na rialacha maidir le cur chun feidhme an ioncaim agus an chaiteachais arna mhaoiniú faoin tSaoráid Eorpach Síochána ("rialacha cur chun feidhme SES"), lena n-áirítear na rialacha maidir le tionscnamh an trealaimh mhíleata. De mhaolú ar Airteagal 50 de Leabhar 3 de rialacha cur chun feidhme SES, agus de bharr na n-imthosca sonracha, níl rannpháirtíocht i nósanna imeachta soláthair chomhpháirtigh le haghaidh armlóin agus diúracáin atá le maoiniú tríd an mbeart cúnaimh sin ar oscailt ach d'oibreoirí eacnamaíocha atá bunaithe san Aontas nó san Iorua agus a tháirgeann an t-armlón agus na diúracáin seo san Aontas agus san Iorua, gan dochar d'aon chinntí a dhéanfar amach anseo. Ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha tionscnaimh a leagtar síos in Airteagal 60 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]). Ba cheart a mheas go bhfuil armlón agus diúracáin a bhfuil céim thábhachtach sa mhonarú curtha i gcrích acu san Aontas nó san Iorua, arb é atá ann cóimeáil deiridh, incháilithe freisin. Féadfar oibreoirí atá bunaithe lasmuigh den Aontas nó den Iorua, nó a bhfuil a dtáirgeadh lasmuigh díobh sin, a áireamh i slabhraí soláthair na n-oibreoirí sin. Ba cheart leasanna slándála agus cosanta na mBallstát a chur san áireamh ina leith sin.

(10) Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil rún daingean aici cearta an duine, saoirsí bunúsacha agus prionsabail dhaonlathacha a chosaint, a chur chun cinn agus a chomhlíonadh, an smacht reachta agus an dea-rialachas a neartú i gcomhréir le Cairt na Náisiún Aontaithe, le Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus leis an dlí idirnáisiúnta, go háirithe an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta.

(11) Gheobhaidh an Chomhairle tuairisc rialta mhíosúla maidir le cur chun feidhme an bhirt cúnaimh faoin gCinneadh seo chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn a bheidh déanta maidir leis an aidhm milliún urchar armlóin airtléire a chur ar fáil don Úcráin. Eagrófar freisin cruinnithe rialta ar leibhéal na Stiúrthóirí Armála Náisiúnta leis an Tascfhórsa um Sholáthar Comhpháirteach Cosanta (an Coimisiún, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, GEC) chun measúnú a dhéanamh ar na riachtanais agus ar na cumais thionsclaíocha agus chun an dlúthchomhar riachtanach a áirithiú, go háirithe maidir le soláthar ó stoic, athbheartú tosaíochtaí i leith orduithe atá ann cheana agus na tionscadail éagsúla fála comhpháirtí, chun cur chun feidhme leordhóthanach na dtrí rian éagsúla a áirithiú.

(12) Déanfaidh Coiste na mBuanionadaithe faireachán ar chur chun feidhme comhordaithe comhthreomhar an chur chuige trí rian.

(13) Thug an Chomhairle dá haire freisin go bhfuil sí tiomanta i gcónaí tacaíocht pholaitiúil agus mhíleata a thabhairt don Úcráin, go háirithe trí SES agus trí Mhisean um Chúnamh Míleata an Aontais Eorpaigh mar thaca leis an Úcráin, gan dochar do cháilíocht shonrach na mbeartas slándála agus cosanta atá ag Ballstáit áirithe agus é á áirithiú aici go dtugtar an aird chuí ar leasanna slándála agus cosanta na mBallstát uile,

([4]) Comhsheasamh 2008/944/CBES ón gComhairle an 8 Nollaig 2008 lena sainmhínítear comhrialacha lena rialaítear rialú onnmhairithe teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata (IO L 335, 13.12.2008, lch. 99).

([5]) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Bunú, cuspóirí, raon feidhme agus ré**

1. Bunaítear leis seo beart cúnaimh a théann chun tairbhe na hÚcráine ("an tairbhí"), atá le maoiniú faoin tSaoráid Eorpach Síochána (SES) ("an beart cúnaimh").

2. Is é cuspóir an bhirt cúnaimh atá beartaithe cuidiú le cumais agus teacht aniar Fhórsaí Armtha na hÚcráine a neartú chun neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine a chosaint, agus an pobal sibhialta a chosaint ar an bhfogha míleata leanúnach, trí urchair airtléire dar calabra 155-mm agus, arna iarraidh sin, diúracáin, arna soláthar go comhpháirteach ó thionscal cosanta na hEorpa a chur ar fáil ar an mbealach is tapúla is féidir.

3. Chun an cuspóir a leagtar amach i mír 2 a bhaint amach, maoineofar leis an mbeart cúnaimh soláthar urchar airtléire dar calabra 155-mm d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine, agus, arna iarraidh sin, diúracáin. Déanfar an t-armlón agus na diúracáin sin a sholáthar go comhpháirteach ó oibreoirí eacnamaíocha atá bunaithe san Aontas nó san Iorua agus a tháirgeann an t-armlón agus na diúracáin seo san Aontas nó san Iorua. Beidh feidhm ag na rialacha tionscnaimh a leagtar síos in Airteagal 60 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. Measfar armlón agus diúracáin a bhfuil céim thábhachtach sa mhonarú curtha i gcrích acu san Aontas nó san Iorua, arb é atá ann cóimeáil deiridh, a bheith incháilithe freisin. Féadfar oibreoirí atá bunaithe lasmuigh den Aontas nó den Iorua, nó a bhfuil a dtáirgeadh lasmuigh díobh sin, a áireamh i slabhraí soláthair na n-oibreoirí sin. Déanfar leasanna slándála agus cosanta na mBallstát a chur san áireamh ina leith sin. Déanfaidh na heintitis a liostaítear in Airteagal 4(3) na soláthairtí comhpháirteacha a dhéanfar faoin mbeart cúnaimh sin a chur i gcrích laistigh de na paraiméadair a shainítear i gcomhthéacs tionscadail de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí um Chosaint atá ann cheana nó trí thionscadail chomhlántacha fála comhpháirtí faoi stiúir Ballstáit

4. Mairfidh an beart cúnaimh 56 mhí ó dháta ghlactha an Chinnidh seo.

*Airteagal 2*

**Socruithe airgeadais**

1. EUR 1 000 000 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá ceaptha chun an caiteachas a bhaineann leis an mbeart cúnaimh a chumhdach.

2. Déanfar an caiteachas go léir a bhainistiú i gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2021/509 agus leis na rialacha maidir le hioncam agus caiteachas arna maoiniú faoi SES a chur chun feidhme ("rialacha cur chun feidhme SES"), lena n-áirítear na rialacha maidir le tionscnamh an trealaimh mhíleata. De mhaolú ar rialacha cur chun feidhme SES, ní bheidh rannpháirtíocht i nósanna imeachta soláthair chomhpháirtigh ar oscailt ach d'oibreoirí dá dtagraítear in Airteagal 1(3).

3. I gcomhréir le hAirteagal 29(5) de Chinneadh (CBES) 2021/509, féadfaidh an riarthóir um bearta cúnaimh glao ar ranníocaíochtaí a dhéanamh tar éis ghlacadh an Chinnidh seo, suas go EUR 1 000 000 000. Ní úsáidfear na cistí a ghlaofaidh an riarthóir um bearta cúnaimh ach chun caiteachas a íoc laistigh de na teorainneacha arna bhformheas ag an gCoiste arna bhunú le Cinneadh (CBES) 2021/509 sna buiséid ghaolmhara leasaitheacha agus bhliantúla a chomhfhreagraíonn don bheart cúnaimh.

4. Déanfar na conarthaí soláthair nó na horduithe ceannaigh a bhaineann le cur chun feidhme an bhirt cúnaimh a thabhairt i gcrích ar an mbealach is tapúla is féidir idir an 20 Márta 2023 agus an 30 Meán Fómhair 2023. Beidh an caiteachas gaolmhar incháilithe ón 20 Márta 2023 agus go dtí dáta a chinnfidh an Chomhairle.

*Airteagal 3*

**Socruithe leis an tairbhí**

1. Déanfaidh an tArdionadaí pé socruithe is gá leis an tairbhí chun a áirithiú go gcomhlíonann an tairbhí an dlí idirnáisiúnta, go háirithe cearta idirnáisiúnta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta, agus Airteagal 62(2) de Chinneadh (CBES) 2021/509, mar choinníoll le soláthar na tacaíochta faoin mBeart Cúnaimh.

2. Áireofar sna socruithe dá dtagraítear i mír 1 forálacha maidir le tacaíocht a chur ar fionraí agus a fhoirceannadh faoin mbeart cúnaimh i gcás ina gcinntear go bhfuil na hoibleagáidí dá dtagraítear i mír 1 á sárú ag an tairbhí.

*Airteagal 4*

**Cur chun feidhme**

1. Beidh an tArdionadaí freagrach as a áirithiú go gcuirfear an Cinneadh seo chun feidhme i gcomhréir le Cinneadh (CBES) 2021/509 agus le rialacha cur chun feidhme SES, ag teacht leis an gCreat Modheolaíochta Comhtháite chun na bearta agus na rialuithe atá riachtanach le haghaidh bearta cúnaimh faoi SES a mheasúnú agus a shainaithint.

2. Beidh sonraíochtaí an urchair airtléire dar calabra 155-mm agus na ndiúracán a sholáthrófar faoin mbeart cúnaimh ag teacht leis na tosaíochtaí a chuir an Úcráin in iúl trí Fhoireann Mhíleata an Aontais Eorpaigh. Cinnfidh an Coiste arna bhunú le Cinneadh (CBES) 2021/509 an creat is infheidhme maidir le maoiniú na ngníomhaíochtaí a leagtar amach in Airteagal 1(3) agus maidir leis na socruithe i ndáil le haisíocaíocht i gcás inarb iomchuí.

3. Féadfaidh siad seo a leanas na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1(3) a chur chun feidhme:

(a) Aireacht Cosanta na Beilge;

(b) Aireacht Cosanta na Bulgáire;

(c) Aireacht Cosanta na Cróite;

(d) Aireacht Cosanta na Cipire;

(e) Aireacht Cosanta Phoblacht na Seice;

(f) Aireacht Cosanta na Danmhairge;

(g) Lárionad na hEastóine d'Infheistíochtaí Cosanta (ECDI) thar ceann Aireacht Cosanta na hEastóine;

(h) Aireacht Cosanta na Fionlainne;

(i) Aireacht Cosanta na Fraince;

(j) Aireacht Cosanta, Oifig Cónaidhme Gnóthaí Eachtracha agus Aireacht Cónaidhme Gnóthaí Baile agus Gnóthaí Pobail na Gearmáine;

(k) Aireacht Cosanta na Gréige;

(l) Aireacht Cosanta na hIodáile;

(m) Aireacht Cosanta na Laitvia agus Lárionad Lóistíochta agus Soláthair Cosanta Stáit Laitvia;

(n) Aireacht Cosanta Náisiúnta na Liotuáine;

(o) Stiúrthóireacht Cosanta Aireacht Gnóthaí Eachtracha agus Eorpacha Lucsamburg;

(p) Aireacht Cosanta na hÍsiltíre;

(q) Aireacht Cosanta na Polainne;

(r) Aireacht Cosanta na Portaingéile;

(s) Aireacht Cosanta Náisiúnta na Rómáine;

(t) Aireacht Cosanta Phoblacht na Slóvaice;

(u) Aireacht Cosanta na Slóivéine;

(v) Aireacht Cosanta na Spáinne;

(w) Aireacht Cosanta na Sualainne/Údarás Ábhar Cosanta na Sualainne.

*Airteagal 5*

**Grinnscrúdú ó na Ballstáit**

Ceadóidh na Ballstáit idirthuras urchar airtléire dar calabra 155-mm agus diúracáin, lena n-áirítear pearsanra tionlacain, trína gcríocha, lena n-áirítear a n-aerspás, ar bhealach atá i gcomhréir le hAirteagal 56(3) de Chinneadh (CBES) 2021/509.

*Airteagal 6*

**Faireachán, rialú agus meastóireacht**

1. Déanfaidh an tArdionadaí faireachán ar an tairbhí agus na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 3 á gcomhlíonadh aige. Leis an bhfaireachán sin, músclófar feasacht ar an gcomhthéacs agus ar na rioscaí a ghabhann le sáruithe ar na hoibleagáidí arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 3, agus cuideofar le sáruithe den sórt sin a chosc, lena n-airítear sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus ar an dlí daonnúil idirnáisiúnta arna ndéanamh ag aonaid Fhórsaí Armtha na hÚcráine dá dtugtar tacaíocht faoin mbeart cúnaimh.

2. Eagrófar an rialú iarlastála ar threalamh ar bhealach atá i gcomhréir leis an gCreat Modheolaíochta Comhtháite chun measúnú agus sainaithint a dhéanamh ar na bearta agus na rialuithe is gá le haghaidh beart cúnaimh faoi SES.

*Airteagal 7*

**Tuairisciú**

Le linn na tréimhse cur chun feidhme, cuirfidh an tArdionadaí tuarascálacha leathbhliantúla ar fáil don Choiste Polaitiúla agus Slándála maidir le cur chun feidhme an bhirt cúnaimh i gcomhréir le hAirteagal 63 de Chinneadh (CBES) 2021/509. Déanfar é sin a fhorlíonadh trí tuairisc rialta mhíosúla a thabhairt don Chomhairle maidir le cur chun feidhme an bhirt cúnaimh, lena n-áirítear maidir leis an dul chun cinn a bheidh déanta chun a chuspóir a bhaint amach, bunaithe ar fhaisnéis, arna cur ar fáil ag na Ballstáit, faoi sheachadtaí urchar airtléire dar calabra 155 mm, agus, arna iarraidh sin, diúracáin. Cuirfidh an riarthóir um bearta cúnaimh an Coiste um an tSaoráid arna bhunú le Cinneadh (CBES) 2021/509 ar an eolas go tráthrialta faoi chur chun feidhme ioncaim agus caiteachais, i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chinneadh sin, lena n-áirítear trí fhaisnéis faoi na soláthróirí agus na fochonraitheoirí lena mbaineann a sholáthar.

*Airteagal 8*

**Fionraí agus foirceannadh**

1. Féadfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála a chinneadh cur chun feidhme an bhirt cúnaimh a chur ar fionraí go hiomlán nó go páirteach i gcomhréir le hAirteagal 64 de Chinneadh (CBES) 2021/509.

2. Féadfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála a mholadh freisin go ndéanfadh an Chomhairle an beart cúnaimh a fhoirceannadh.

*Airteagal 9*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 20 Márta 2023.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Bealtaine 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. ROSWALL